RÓIL CHOSANTA LEANAÍ
I SEIRBHÍSÍ ELC AGUS SAC

Duine Sainordaithe

Iad sin amháin atá liostaithe i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Sceideal 2 Daoine Sainordaithe:

Tá na cineálacha daoine seo a leanas sonraithe mar dhaoine sainordaithe chun críocha an Achta seo:

15. (j) ball foirne cúram leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscolaíochta de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991.

18. Duine atá ag cur seirbhíse réamhscolaíochta ar fáil de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Ciallaíonn sé sin:

Go bhfuil ball foirne cúram leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscolaíochta agus duine atá i mbun seirbhíse réamhscolaíochta ina ndaoine sainordaithe faoin Acht um Thús Aite do Leanaí, 2015

Níl baill foirne agus oibritheoirí seirbhísí cúram leanaí ar aois scoile áirithe i Sceideal 2 agus dá bhrí sin ní daoine sainordaithe iad.

Seirbhísí Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Na seirbhísí sin atá liostaithe i Sceideal 1 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Sceideal 1 mar atá Ábhartha do Sheirbhísí ELC & SAC

Aon obair nó gníomhaíocht a dhéanann duine a bhfuil cuid riachtanach agus rialta de ag baint den chuid is mó le rochtain nó teagmháil a bheith ag an duine sin le leanaí sna háiteanna in

(a) foras a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991,

Soláthraí Seirbhíse Ábhartha

Soláthraí Seirbhíse Ábhartha – de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, is ea aon duine a fhostaíonn, a chonraíonn le nó a cheadaíonn do dhuine amháin nó níos mó ná sin, tabhairt faoi aon obair nó gníomhaíocht atá ina chuid de sheirbhís ábhartha.

TÁ NA SEIRBHÍSÍ ELC AGUS SAC GO LÉIR INA SEIRBHÍSÍ ÁBHARTHA AGUS DÁ BHRÍ SIN TÁ CEANGLAS DLÍTHIÚIL ORTHU RÁITEAS COSANTA LEANAÍ A BHEITH ACU

Duine Teagmhála Ainmnithe (DLP)

Ba chóir do gach eagraíocht atá ag soláthar seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh smaoineamh ar theagmhálaí ainmnithe (DLP) a cheapadh chun teacht leis an gcleachtas is fearr i gcosaint leanaí.

Is é an ról atá ag an DLP ná:

- Cinntiú go bhfuiltear ag cloí le nós imeachta tuairiscithe na heagraíochta
- Cinntiú go gcuirtear ábhair imní ar aghaidh gan mhoill chuig Tusla
- Feidhmiú mar acmhainn agus mar thacaíocht d'oibrithe a bhfuil ábhar imní acu
- Taifead a dhéanamh de na hábhair imní go léir agus de na gníomhartha a rinneadh

Duine Ábhartha

Mar atá sainithe san Acht um Thús Aite do Leanaí, 2015, 'sin duine a bhíonn ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha le bheith mar chéad phointe teagmhála maidir le Ráiteas Cosanta Leanaí an tsoláthraí'.

D'fhéadfadh go mbeadh níos mó na ceann amháin de na róil sin ag daoine aonair agus tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine ar an eolas faoin ró(i)l atá acu i gcosaint leanaí

I gCuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991, deirtear:

Ciallaíonn **'Seirbhísí réamhscolaíochta'** aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, cúram lae nó seirbhís eile dá leithéid a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile

Ciallaíonn **'Seirbhís Luathbhlianta'** seirbhís atá ag soláthar
(a) seirbhísí réamhscolaíochta, nó
(b) seirbhís ar aois scoile;

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency